

Library Association of Ireland
Cumann Leabharlann na hÉireann

Comhpháirtíocht

de Chumann Leabharlann Éireann

Gnóthachtáil a Aithint, Gairmiúlacht a Chur Chun Cinn

Forbairt ghairmiúil leanúnach i dtimpeallacht dhinimiciúil eolais

Cad í Comhpháirtíocht?
Is dámhachtain é Comhpháirtíocht de Chumann Leabharlann na hÉireann atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus lena léirítear rathúlacht acadúil agus taithí phraiticiúil i staidéir leabharlannaíochta agus eolais.

Cé ar féidir leis/léi iarratas a dhéanamh ar CCLÉ?

Tá an t-iarratas oscailte d'aon duine le ballraíocht phearsanta de Chumann Leabharlann na hÉireann:

- A bhfuil ballraíocht phearsanta aige/aici le bliain ar a laghad
- A bhfuil ballraíocht phearsanta dhea-chlú aige/aici ag am an iarratais
- A bhfuil cáilíocht acadúil aige/aici i Staidéir Leabharlannaíochta agus Eolais atá aitheanta ag Cumann Leabharlann na hÉireann
- A bhfuil taithí ábhartha iarcháilithe dhá bhliana ar a laghad aici

Cén fáth a ndéanfainn iarratas?
Ar na buntáistí a bhaineann le ballraíocht chomhpháirtíochta tá:

- Aitheantas gairmiúil ar chúrsaí sa Leabharlannaíocht
- Curriculum Vitae feabhsaithe
- Fianaise ar phiaraitheantas d'fhostóirí reatha agus sa todhcaí
- Fianaise ar thiomantas d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil
- Fianaise ar ghnóthachtail phearsanta agus ghairmiúil
- Deis a bheith páirteach i ngréasán gníomhach gairme
- Cur chun cinn na tábhachta a bhaineann le CLÉ agus a luachanna
- Toghadh ar Chlár na gComhpháirtithe
- Liostú mar Chomhphairtí sa Chlár Gairme bliaintiúil
- Úsáid na dteideal iar-ainmniúil CCLÉ
- Deis iarratas a dhéanamh ar Chomhaltacht amach anseo.

Conas is féidir iarratas a dhéanamh?

Is próiseas simplí é an próiseas iarratais.

Ní mór d'iarratasóirí na doiciméid a leanas a sheoladh chuig

An Rúnaí, An Coiste Oideachais: Caighdeáin Ghairmiúla

Cumann Leabharlann na hÉireann, 138-144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2.

professionalstandards@libraryassociation.ie

- Foirm Iarratais chomhlánaithe
- Cur síos ar Fhorbairt Leanúnach Phearsanta (gan dul thar 500 focal)
- Doiciméid ábhartha mínithe
- Táille reatha (sonraí ar fáil ag www.libraryassociation.ie)
- Tá scéim mheantóireachta ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo leas a bhaint aisti
- Tá sonraí ar fáil ar shuíomh idirlín an CLÉ nó déan teagmhail e cpd@libraryassociation.ie

Library Association of Ireland

Cumann Leabharlann na hÉireann

Is é Cumann Leabharlann na hÉireann an cumann gairmiúil do leabharlannaithe in Éirinn agus feidhmítear ar son leabharlannaithe atá ag obair i ngach cineál leabharlainne agus timpeallacht eolais. Is iad seo aidhmeanna an Chumainn:

'forbairt ghníomhréim daoine atá ag obair i seirbhísí leabharlainne agus soláthar eolais a chur chun cinn, agus

a leas gairmiúil agus paraighairmiúil agus a mianta gairmiúla a chothú [agus] caighdeán ard oideachais a chur chun cinn trí cúrsaí agus cúrsaí céime a mheasúnú agus a aithint mar a oireann.'

Library Association of Ireland

Cumann Leabharlann na hÉireann
Tá leagan Béarla den bhróisiúr seo ar fáil ag www.libraryassociation.ie

© Cumann Leabharlann na hÉireann